GAELSCOIL RIADA
Gaeilge Le Chéile
● Comhoideacheas ● Co-Educational
● Ilchreidmheach ● Multi-Denominational
(091) 850638
www.gaelscoilriada.com

# Polasaí Bí Cineálta:

## Chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi

Ghlac Bord Bainistíochta Gaelscoil Riada leis an polasaí seo a leanas chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán ceanglais Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2024.

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chun déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompraíocht bhulaíochta.

Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh1 i mí Mheán Fómhair 1992. Nuair a rinneamar é sin, thugamar gealltanas go ndéanfaimis cearta leanaí a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh. Is ceist í an bhulaíocht a bhaineann le cearta leanaí: Cuireann an bhulaíocht as do na cearta seo a leanas de chuid an linbh:

*An ceart chun saoirse nochtaithe tuairime (Airteagal 13)*
*An ceart chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin (Airteagal 14)*
*An ceart chun saoirse comhlachais agus chun saoirse comhthionóil shíochánta (Airteagal 15)*
*An ceart chun príobháideachais (Airteagal 16)*
*An ceart chun cosaint a fháil ó gach cineál míúsáide agus faillí (Airteagal 19)*
*An ceart an caighdeán is airde sláinte is féidir a bheith ar fáil dó nó di (Airteagal 24)*
*An ceart chun oideachas a fháil (Airteagal 28)*
*An ceart chun a c(h)ultúr, a c(h)reideamh nó a t(h)eanga féin a bheith aige nó aici* (Airteagal 30)

Táimid tiomanta do chinntiú go gcoinnítear gach scoláire a fhreastalaíonn ar ár scoil saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn. Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bhulaíochta ar shaol ár scoláirí agus táimid tiomanta go hiomlán d'iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh scoláirí nó baill foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear: inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith mar bhall den Lucht Siúil.

### Sainmhíniú ar an mbulaíocht- Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.

Tugtar sainmhíniú ar an mbulaíocht mar iompraíocht **spriocdhírithe,** ar líne nó as líne a dhéanann dochar. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith **fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach** agus d'fhéadfadh sé tionchar diúltach atá tromchúiseach agus fadtéarmach a bheith aige ar an scoláire a fhulaingíonn an iompraíocht bhulaíochta.Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh **thar thréimhse ama** agus **bíonn neamhchothroime cumhachta** i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí. Iompraíocht a léirítear **d'aon ghnó**, nach n-iarrtar agus a dhéanann dochar do dhaoine eile is ea bulaíocht. Ní iompraíocht thimpisteach ná mheargánta atá sa bhulaíocht.

## Iompraíocht nach iompraíocht bhulaíochta í:

- ✓ Ní thiteann eachtraí aonaracha nó aonuaire de iompar diúltach d'aon ghnó, lena n-áirítear téacs maslach nó gránna aonuaire nó teachtaireacht phríobháideach eile, faoi shainmhíniú na bulaíochta agus ba chóir déileáil leo, más cuí, de réir chód iompair na scoile. Mar sin féin, i gcomhthéacs na polasaí seo, measfar go bhfuil bulaíocht i gceist má chuirtear teachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí maslach nó gránna aonuaire ar na meáin shóisialta nó ar fhóram poiblí eile, áit ar féidir le daoine eile é a fheiceáil agus/nó a scaipeadh.Is féidir seo a mheas mar iompraíocht bhulaíochta mar go bhféadfadh pobal níos leithne iad a fheiceáil agus gur mó an seans go ndeanfar iad a roinnt go minic agus mar sin gur iompraíocht leantach atá iontu.
- ✓ D'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí le cumarsáid shóisialta ag roinnt scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus go gcuirfidís a gcuid riachtanas in iúl le hiompraíochtaí a d'fhéadfadh iad féin nó daoine eile a ghortú. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach in aon turas a léirítear na hiompraíochtaí sin agus nach bhfuil siad pleanáilte ach, i gcúinsí áirithe, gur freagairt uathfheidhmeach iad, nach féidir leo a smachtú.
- ✓ Ní mheastar go bhfuil iompraíocht bhulaíochta i gceist nuair a tharlaíonn easaontas idir scoláirí nó nuair nach bhfuil scoláirí ag iarraidh a bheith ina gcairde ag duine nó fanacht mar chairde ag duine mura ndéantar iarrachtaí leantacha d'aon turas duine a chiapadh, a fhágáil ar lár nó fuath don duine a chruthú i measc daoine eile lena náirítear grúpaí cairdis a ionramháil in aon turas.
- ✓ Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoil

Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Aguisín 2 den pholasaí seo agus i 2.5 lch 21 de Bí Cineálta Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna

## Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc

Leagtar amach sa mhír seo na straitéisí coisctheacha a úsáidfidh an scoil. Ina measc sin tá straitéisí atá dírithe go sonrach ar iompraíocht bhulaíochta ar líne a chosc, iompraíocht bhulaíochta homafóbach agus trasfhóbach, iompraíocht bulaíochta ciníche, iompraíocht bulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach de réir mar is cuí. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta).

### Straitéisí Oideachais agus Coiscthe

Chun timpeallacht shabháilte agus dhearfach a chothu sa scoil, usaidfear na straitéisí coisctheacha seo a leanas:

### Cultúr agus Timpeallacht

Cruthaíodh an polasaí seo le tuairimí ó pháistí, tuismitheoirí agus foireann na scoile. Leagtar amach sa pholasaí seo na bealaí éagsúla ina féidir bulaíocht a thuairisciú.

Cur chuige na scoile ina hiomláine

- ✓ Tá sé de fhreagracht ar gach ball de phobal na scoile cultúr scoile nach bhfuil aon ghlacadh le hiompraíocht bhulaíochta ann a fhorbairt agus a choinneáil agus cur chuige seasmhach a ghlacadh i dtaca le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta.
- ✓ Bíonn tuismitheoirí rannpháirteach mar chomhpháirtithe gníomhacha i gcothú timpeallachta nach nglactar le hiompar bulaíochta.
- ✓ Is timpeallacht sábháilte í an scoil ina spreagtar tuairisciú ar iompraíocht bhulaíochta.
- ✓ Duine Fásta Iontaofa- Spreagfaí an coincheap maidir le duine fásta iontaofa – ceangal slán sábháilte – cé dó/di gur cheart a insint/a thuairisciú.
- ✓ Spásanna fisiciúla sábháilte a chruthú sa scoil/ar an gclós- feiceálacht a chinntiú sna limistéir sin
- ✓ Ealaíon agus comharthaí a chruthú agus a chrochadh timpeall ballaí na scoile chun luachanna na

scoile a chur chun cinn – cruthú chairt scoile a chuireann cearta chun cinn – comhionannas, cuimsiú agus meas.
- ✓ Cruthaigh cultúr agus atmaisféar dearfach scoile a:
  - o fháiltíonn roimh éagsúlacht agus difríocht, atá bunaithe ar chuimsiú, agus a spreagann mothú muintearais;
  - o spreagann daltaí le cásanna bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht shábháilte, neamhbhagrach;
  - o agus a chuireann caidrimh mheasúla chun cinn i measc phobal uile na scoile.
- ✓ Cúntóirí clós súgartha – tugann mic léinn sna hardranganna tacaíocht do ranganna níos óige ar an gclós chun cabhrú le cluichí agus le hidirghníomhaíochtaí dearfacha. Feighlithe ag am lóin freisin.
- ✓ Beidh polasaí Frithbhulaíocht na bPáistí le cur ar thaispeáint i seomraí ranga agus in áiteanna poiblí sa scoil.

## Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

Baineann an fhoireann úsáid iomlán as cláir agus ábhair churaclam a bhaineann le cosc a chur ar bhulaíocht chomh maith le bá, meas agus teacht aniar a spreagadh i ndáltaí agus cláir agus ábhair churaclam a bhaineann le héagsúlacht agus ionchuimsitheacht a fhorbairt i bpobal na scoile
- ✓ Baintear úsaid as cláir chun féinmheas a chothú agus a fheabhsú i measc na ndaltaí uile trí ghníomhaíochtaí curaclaim agus seach-churaclaim araon.
- ✓ Beidh ceardlanna agus plé ranga ar siúl go rialta chun feasacht a mhuscailt faoi chothromas, meas, agus na cineálacha éagsúla bulaíochta.
- ✓ Múintear ábhar OSPS a threisíonn folláine agus féinmhuinín na ndaltaí, agus a spreagann freagracht phearsanta as a gcuid gníomhartha. Ceachtanna ó MISNEACH & BÍ SÁBHÁILTE
- ✓ Sna cleachtaí um múscailt feasachta ón snáithe 'Múscailt Feasachta' de chlár an Fheachtais Frithbhulaíochta, mínítear go réamhghníomhach nádúr agus éagsúlacht, cúiseanna agus drochthorthaí na bulaíochta agus an fáth nach féidir glacadh léi.

Beidh uirlisí feasachta a n-úsáid againn go rialta chun cabhrú le daltaí a gcuid mothúchán a roinnt agus imní a thuairisciú. Ina measc:

- **Suirbhéanna daltaí** – Déanfar cúig "Ghnáthshuirbhé Ranga' i rith na scoilbhliana ó rang 3-6. (Feachtas Frithbhulaíochta) -chun seiceáil conas atá daltaí ag mothú agus chun aon imní a aithint go luath.
- **Nóta sa dialann obair bhaile** – slí chiúin do dhaltaí/ thuismitheoirí chun múinteoir a chuir ar an eolas má tá rud éigin mícheart.
- **Bosca 'Bí Cineálta' san oifig & seomra ranga** – boscaí slána príobháideacha inar féidir le daltaí nóta a chur isteach má tá siad buartha faoi bhulaíocht.

Tionscnaimh eile:

- Clár fógraí sa seomra ranga agus sa scoil ag cur cineáltas agus freagracht chun cinn.
- Seachtain Cairdis.
- Seachtain Sábháilteachta Ar Líne & Frithbhulaíochta.
- Gníomhartha randamacha cineáltais mar chuid den obair bhaile.
- Tionóil rialta faoi stiúir an phríomhoide/phríomhoide tánaisteach/mhúinteora ranga.
- Rannpháirtíocht daltaí i gcruthú timpeallachta scoile shábháilte.

Sa phróiseas:

💡 Cabhraítear leis na daltaí ceist na bulaíochta a scrúdú ar bhealach socair réasúnach, i bhfad ó chomhthéacs cásanna áirithe bulaíochta agus mar sin éiríonn siad níos feasaí ar nádúr na bulaíochta agus ar na cineálacha éagsúla a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

💡 Cuirtear in iúl do na daltaí go mbíonn drochthorthaí ag bulaíocht i gcónaí dóibh siúd a ndírítear orthu, fiú mura mbíonn sé sin soiléir i gcónaí ag an am.

Tugann Aguisín 3 liosta cuimsitheach de na cleachtaí feasachta comhcheangailte atá ar fáil ó na cláir "Bí Sábháilte", "Misneach" agus Feachtas Frithbhulaíochta.

## Polasaí agus Pleanáil

Cuspóirí Polasaí Bí Cineálta Gaelscoil Riada:

- Chun feasacht a ardú faoi bhulaíocht mar iompar nach féidir glacadh léi i measc bhainistíocht na scoile, múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Chun meon dearfach scoile a chothú a spreagann páistí chun cásanna bulaíochta a thuairisciú agus a phlé.
- Chun a chinntiú go bhfuil maoirseacht agus monatóireacht chuí i bhfeidhm sa scoil & ar an gclós
- Chun nósanna imeachta a fhorbairt chun cásanna bulaíochta a aithint, a fhiosrú agus déileáil leo
- Chun clár tacaíochta a chur i bhfeidhm do dhaoine a ndeachaigh bulaíocht i bhfeidhm orthu agus dóibh siúd a bhí páirteach sa bhulaíocht.
- Chun oibriú leis na gníomhaireachtaí ábhartha chun dul i ngleic le gach cineál bulaíochta agus chun iompar frithbhulaíochta a chur chun cinn.

Nasc le polasaí eile- Cód Iompair, Beartas Cosanta Leanaí, Maoirseacht daltaí, Beartas um Úsáid Inghlactha, Tinreamh ,Gníomhaíochtaí Spóirt (polasaí snámh), Cosaint Sonraí, Úsáid Fón póca

Tá na cláir seo in úsáid ar fud na scoile chun ceachtanna maidir le bulaíocht ón gCuraclam OSPS agus ó chláir fianaise-bhunaithe a chur i ngníomh:

- An Clár Bí Sábháilte
- An Clár OCG
- An Clár Misneach
- Uirlisí feasachta Frithbhulaíochta do rang 2-6
- Feachtas Frithbhulaíochta do rang 3-6.
- An Clár FUSE do rang 3-6 www.antibullyingcentre.ie/fuse
- www.tacklebullying.ie www.antibullyingcampaign.ie
- Cláir OSPS an Gharda Síochána

Seo cuid de na cláir is féidir a úsaid sa scoil le déileáil le bulaíocht, iompar dearfach agus cairdeas a spreagadh agus seasmhacht a láidriú:

- Zippy's Friends
- Friends for Life
- Incredible Years
- Fí na Follaine

Pléitear beartas frithbhulaíochta na scoile agus cód iompar na scoile le daltaí go rialta agus déantar idirdhealú le teagasc agus foghlam na habhair eile. Leathnófar an obair isteach i gcuid mhaith réimsí cosúil le Ealaín, Drámaíocht, Oideachas Reiligiúnach agus Corpoideachas.

## Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí

Tá naisc láidre idirphearsanta thar a bheith tábhachtach chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi go héifeachtach. Tugann réimse de struchtúir fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla amhail comhairlí scoláirí, clubanna scoile, cumainn tuismitheoirí srl. tacaíocht do na naisc idirphearsanta sin.

- ✓ Spreagtar rannpháirtíocht ghníomhach scoláirí agus tuismitheoirí i saol na scoile
- ✓ Ceardlanna nó seimineáir a reáchtáil do scoláirí, foirne scoile agus tuismitheoirí chun feasacht ar thionchar na bulaíochta a mhúscailt.
- ✓ Trí thuairiscí rialta i nuachtlitreacha scoile agus i gcumarsáid eile, chomh maith le cruinnithe le coiste na dtuismitheoirí/caomhnóirí, cuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas go rialta faoi ghníomhaíochtaí frithbhulaíochta na scoile agus spreagtar iad chun tacú leis an obair seo.
- ✓ Piarmheantóireacht agus tacaíocht piaraí a spreagadh
- ✓ Clár fógra sa seomra foirne-eolas a roinnt

## Gníomhaireachtaí ón taobh amuigh

- Garda/Oifigeach Idirchaidrimh don phobal ag tabhairt cuairte ar an scoil chun saincheisteanna maidir le sábháilteacht phearsanta agus cibearbulaíocht a phlé.
- Cuireadh a thabhairt d'aoi-chainteoir chun labhairt le páistí faoi sábháilteacht ar line

## Bulaíocht Ar Líne: Cibearbhulaíocht

Tá Polasaí Úsáide Inghlactha i bhfeidhm ag an scoil, le bearta iomchuí chun monatóireacht dhian ar úsáid na teicneolaíochta a chinntiú.

- Níl cead gutháin phóca a úsáid sa scoil.
- Má bhíonn páistí ag obair ar na ríomhairí/ taibléidí, bíonn múinteoir/ duine fásta i lathair i gconaí
- Cuirfidh an scoil ceardlanna ar fáil do leanaí agus tuismitheoirí na scoile gach ré bhliain.( Zeeko)
- Beidh treoirlínte soiléire ann maidir le húsáid fhreagrach na teicneolaíochta( www.webwise.ie)

Céimeanna a mhúineadh do na páistí chun cibearbhulaíocht a sheachaint

- Meas ar dhuine eile
- Smaoinigh roimh a sheolann tú teachtaireacht
- Ná h-inis do phasfhocal d'aon duine
- Blocáil aon duine atá ag déanamh bulaíocht ort ar líne
- Ná freagair aon teachtaireachtaí maslacha
- Coinnnigh an fianaise
- Déan cinnte go n-insíonn tú má tá duine ag déanamh bulaíocht ort ar line.

**Iompraíocht Bhulaíochta Homafóbach agus Trasfhóbach:** Cuireann an scoil ioncuimsiú agus meas ar éagsúlacht inscne agus ar chlaonadh gnéasach chun cinn trí ábhar an churaclaim agus trí bheartais tacaíochta.
**Iompraíocht Bhulaíochta Ciníche:** Beidh gníomhartha soiléire i bhfeidhm chun aon chineál idirdhealaithe nó ciníochais a chosc
**Iompraíocht Bhulaíochta Gnéasaí agus Ciapadh Gnéasach:** Déanfar soiléir nach nglactar le haon chineál ciapadh gnéasach nó bulaíochta gnéis, agus cuirfear bearta cosanta i bhfeidhm chun sábháilteacht gach duine a chinntiú.

## Maoirseachta agus Monatóireachta

| |
|---|
| Tá na polasaithe maoirseachta agus monatóireachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta) |
| Maoirseacht Leanúnach:<br><br>✓ Maoirseacht agus monatóireacht ghníomhach ar sheomraí ranga, ar dhorchlaí, clós & gáirdín, leithris & halla, ar thurasanna scoile agus ar ghníomhaíochtaí/ranganna seach-churaclaim.<br>✓ Sula dtosaíonn na ranganna gach maidin, bíonn múinteoirí i láthair sna seomraí ranga 10 nóiméad roimh thús na scoile.<br>✓ Maoirseacht ar an gclós ar maidin ón 08:40. (príomhoide/leas-phríomhoide)<br>✓ Le linn am sosa bíonn múinteoirí ag comhlíonadh ról maoirseachta i gclós na scoile, sna hallaí agus sna seomraí ranga *(le cúnamh ó fhoireann CRB).*<br>✓ Ag am dul abhaile, siúlann múinteoirí leis na páistí go dtí an clós chun a chinntiú go mbailítear iad.<br>✓ Siúlann foireann CRB leis na páistí go dtí an bus tráthnóna, agus ar maidin bailítear na daltaí ón mbus agus tugtar isteach iad go dtí clós na scoile.<br>(Beidh maoirseacht ar fáil idir 08:40 agus 08:50 ar maidin. Má thagann an bus níos luaithe ná 08:40, caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí socruithe eile a dhéanamh, mar ní bheidh foireann ar fáil chun maoirseacht a dhéanamh roimh an am sin. )<br>✓ Faightear cead i scríbhinn ó thuismitheoirí má tá páistí ag siúl abhaile leo féin.<br>✓ Má bhíonn páistí ag teacht ar scoil níos déanaí nó ag imeacht níos luaithe ná mar is gnách, síníonn tuismitheoir isteach agus amach iad.<br>✓ Táthar ag súil go bhfanfaidh baill foirne nach múinteoirí iad . Ní mór do bhaill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc (rúnaithe, cúntóirí riachtanas breise (SNA/ANA), tiománaí bus, airígh, glantóirí) a bheith airdeallach agus aon eachtraí d'iompraíocht bhulaíochta a fheiceann siad nó a luaitear leo a chur in iúl don mhúinteoir ábhartha<br>✓ Féadfaidh dalta nó tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) ar bith eachtra bhulaíochta a chur in iúl do mhúinteoir ar bith sa scoil.<br>✓ Bíonn gach club/rang eagraithe lasmuigh den lá scoile faoi mhaoirseacht múinteoirí/CRS/ éascaitheoir seachtracha<br><br>✓ Áiteanna Sábháilte<br><br>✓ Níl cead ag daltaí ach na háiteanna laistigh den scoil agus sa chlós a úsáid atá soiléir le feiceáil ag foireann mhaoirseachta agus atá go maith soilsithe, chun sábháilteacht gach duine a chinntiú.<br>✓ Ní cheadaítear do dhaltaí dul isteach i seomraí stórála trealaimh ach amháin nuair atá múinteoir i láthair.<br>✓ Úsáideann na daltaí na leithris sa halla le linn am sosa.<br>Bíonn múinteoir i láthair ag geata /príomhdhoras an halla chun súil a choinneáil ar na páistí atá ag dul isteach agus amach. |

## Ag Dul i nGleic le hIompraíocht Bhulaíochta

Tá **'Múinteoir(í) Ábhartha'** le himscrúdú agus le déileáil le bulaíocht sa scoil seo i mbliana léirithe in Aguisín 4 **thíos.**

| |
|---|
| Is iad seo a leanas na céimeanna a ghlacfaidh an scoil le fáil amach an raibh iompraíocht bhulaíochta á déanamh, na cuir chuige a glacfar chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta agus ar an cur chuige "4 Chéim Riachtanach" atá ar fáil ón rannán 'Cásanna Bulaíocht a Réiteach' de shuíomh gréasáin an *Fheachtais Frithbhulaíochta*): |

## Réamhdhearbhú neamhfhoirmiúil gur tharla bulaíocht

Is é an phríomhaidhm atá againn agus bulaíocht á fiosrú agus á láimhseáil ná **fadhbanna a réiteach** agus, chomh fada agus is féidir, **caidrimh na bpáirtithe lena mbaineann a chur ina gceart arís** (seachas locht a chur ar dhuine ar leith). Agus é sin san áireamh, seo a leanas nósanna imeachta na scoile:

- Fiosraíonn an 'Múinteoir Ábhartha' gach cás bulaíochta tuairiscithe nó amhrasta, cibé acu laistigh den scoil nó lasmuigh di **ach a bhfuil tionchar aici laistigh** den scoil, d'fhonn teacht ar an bhfírinne agus deireadh a chur le haon iompar dá leithéid.
- Ar an gcaoi sin, forbróidh daltaí **muinín chun a gcuid imní a nochtadh**. Tá an muinín seo fíorthábhachtach. Ba chóir a chur in iúl go soiléir do gach dalta nach meastar go bhfuil siad ag "sceitheadh" ach go bhfuil siad ag gníomhú go freagrach nuair a insíonn siad faoi chásanna bulaíochta/iompar mhíchuí.
- Ba chóir do mhúinteoirí cur chuige suaimhneach, neamhphearsanta agus dírithe ar réiteach fadhbanna a úsáid agus iad ag déileáil le cásanna líomhnaithe bulaíochta a thuairiscítear dóibh ag daltaí, foireann nó tuismitheoirí.
- Nuair a chuirtear an múinteoir ar an eolas faoi eachtra líomhnaithe bulaíochta, cuirfidh sé/sí tús leis an bpróiseas trí agallamh a dhéanamh leis an íospartach / leis na híospartaigh agus plé a dhéanamh ar na mothúcháin a bhí acu mar thoradh ar an iompar bulaíochta.
- Déanfar an chéad chéim d'fhiosrúchán ar bhulaíocht sa seomra ranga, más féidir, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh sé níos cuí roinnt eachtraí a fhiosrú lasmuigh den seomra ranga chun príobháideachas gach duine a chinntiú.
- Féadfaidh an Múinteoir Ábhartha iarraidh ar aon dalta cuntas a scríobh ar a tharla mar chuid den imscrúdú. Is nós imeachta caighdeánach é seo agus ní thugann sé le fios go bhfuil an dalta ciontach.

## Nuair atáthar ag aithint ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta

ba chóir don mhúinteoir:

- Céard a thárla, cé a bhí bainteach, cén áit, cén uair agus cén fáth a fhiosrú
- Má bhíonn grúpa scoláirí i gceist, ba chóir teagmháil a dhéanamh le gach scoláire ina (h)aonar ar dtús.
- Ina dhiaidh sin, ba chóir bualadh le gach scoláire atá i gceist mar ghrúpa.
- Ag an gcruinniú grúpa, ba chóir go niarrfaí ar gach scoláire a c(h)untas féin ar ar tharla a thabhairt lena chinntiú go bhfuil gach duine sa ghrúpa soiléir faoi thuairimí a chéile.
- Ba chóir tacaíocht a thabhairt do gach ball den ghrúpa i bhfianaise an bhrú a d'fhéadfadh a bheith orthu óna gcomhscoláirí tar éis an agallaimh leis an múinteoir
- Ní mór don mhúinteoir ábhartha cuntas i scríbhinn a choinneáil ar na tuairiscí, ar na gníomhartha a glacadh agus ar aon phlé a rinneadh leis na rannpháirtithe
- Coinnítear an chuntais scríbhinn seo **i bhfilteáin Frith-Bhulaíochta** sa seomra ranga

## Ag aithint cé acu ar tharla nó nár tharla iompraíocht bhulaíochta:

Ní mór don mhúinteoir ábhartha a mbreithiúntas gairmiúil féin a úsáid agus iad ag fiosrú más iompar bulaíocht atá a thuairisciú nó an iompraíocht mhíchuí atá i gceist. Agus ansin, an cur chuige is fearr chun an scéal a réiteach.

Chun a chinneadh an iompraíocht bhulaíochta í an iompraíocht a thuairiscítear, ba cheart duit machnamh

a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- An bhfuil an iompraíocht dírithe ar scoláire ar leith nó ar ghrúpa scoláirí?
- An bhfuil sé i gceist dochar fisiciúil, sóisialta nó mothúchánach á dhéanamh de bharr na hiompraíochta?
- An bhfuil an iompraíocht á léiriú arís agus arís eile?

➡️ Más 'Tá' an freagra ar gach ceann de na ceisteanna thuas, is iompraíocht bhulaíochta í an iompraíocht agus ba chóir dul i ngleic léi de réir Ghnásanna Bí Cineálta.

➡️ Más 'Níl' an freagra ar aon cheann de na ceisteanna thuas, ní iompraíocht bhulaíochta an iompraíocht. Déantar foráil i gCód Iompair na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí.

💡 Tabhair do d'aire: D'fhéadfadh sé go measfaí gurb ionann eachtraí aon uaire agus bulaíocht i gcásanna áirithe. D'fhéadfadh sé go measfaí gurb ionann agus iompraíocht bhulaíochta teachtaireacht ghoilliúnach amháin a phostáiltear ar na meáin shóisialta mar is ródhócha go ndéanfar í a roinnt mórán uaireanta agus mar sin déanfar iompraíocht leantach di.

💡 Tabhair do d'aire:Is féidir an seicliosta in Aguisín C de Ghnásanna Bí Cineálta a úsáid mar chúnamh chun iompraíocht bhulaíochta a aithint.

### Dearbhú gur tharla bulaíocht

Má dhearbhaíonn an múinteoir ábhartha gur tharla bulaíocht,

- Ní mór don mhúinteoir cuntas cuí i scríbhinn a choinneáil a chuideoidh leis/léi na ceisteanna a réiteach agus na caidrimh a shlánú, a oiread agus is féidir, idir na páirtithe leasmhara.

✓ San áireamh sa chuntas/tuairisc, beidh an cineál iompraíochta, cá háit agus cathain a tharla sé, agus dáta an chaidrimh le scoláirí agus tuismitheoirí. Déanfar na gníomhaíochtaí agus na tacaíochtaí comhaontaithe chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochtaa dhoiciméadú ar Databiz

✓ Cuireann an mhúinteoir ábhartha an Príomhoide/Leas-Phríomhoide ar an eolas nuair a chinítear gur eachtra bulaíocht atá i gceist

✓ Tá sé tabhachtach éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta a fulaingt aige/aici maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.

✓ Cuireann an 'Múinteoir Ábhartha' agallamh ar dhaltaí a líomhnaítear go raibh baint acu le bulaíocht, chun cineál agus méid na bulaíochta agus aon chúiseanna atá leis a fháil amach. Nuair a dhearbhaíonn an múinteoir ábhartha gur tharla bulaíocht, iarrtar orthu gealltanas ceangailteach a shíniú

  * go gcuirfear stop leis an iompar,
  * go gcaithfidh siad go cothrom, ceart agus go measúil le gach dalta lena n-áirítear an dalta/na daltaí a bhfuiltear ag díriú orthu.

Cur chuige Athchóiritheach:

✓ Ní chuireann an 'Múinteoir Ábhartha' an milleán ar aon duine ach déileálann sé nó sí le bulaíocht mar rud ar féidir agus nach mór a leigheas.

✓ Leagann sé/sí béim ar an chaoi nach bhfuiltear ag iarraidh pionós a ghearradh ar bhulaí ach labhairt leo, a mhíniú cé chomh dochrach agus chomh gortach is atá an bhulaíocht agus gealltanas a lorg go gcuirfear deireadh léi.

✓ Má thugann siad an gealltanas sin agus má dhéanann siad dá réir ní bheidh aon phionós i gceist agus deireadh an scéil a bheidh ann.

- ✓ Mar sin ní bhíonn daltaí a thuairiscíonn bulaíocht ag tarraingt trioblóide ar daoine eile ach cuireann siad ar a gcumas éirí as an trioblóid a d'fhéadfadh a bheith acu sa deireadh thiar dá leanfadh an bhulaíocht ar aghaidh.

Ról na dTuismitheoirí:

- ✓ Is dlúthchuid de phobal na scoile iad na tuismitheoirí agus tá ról tabhachtach acu, i gcomhar le scoileanna, maidir le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta.
- ✓ I gcás gur tharla iompraíocht bhulaíochta, ní mor teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí na scolairí atá i gceist chomh luath agus is féidir chun iad a chur ar an eolas go bhfuil cás bulaíochta idir lámha agus go bhfuil gealltanas déanta ag a bpáiste go gcuirfidh sé/sí stop leis an bulaíocht láithreach.
- ✓ Má bhíonn gealltanas den sórt sin sínithe ag dalta ach go roghnaíonn sé/sí an gealltanas sin a bhriseadh agus leanúint ar aghaidh le bulaíochta, déanfar teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí an dalta arís agus míneofar dóibh gur briseadh an gealltanas. Iarrtar ar an tuismitheoir teacht isteach chuig cruinniú agus iarrfar orthu gealltanas a linbh a chomhshíniú. Ba chóir don scoil deis a thabhairt do thuismitheoirí bealaí a phlé ina bhféadfaidís gníomhartha na scoile a neartú nó tacú leo agus tacú leis an dalta i gceist.
- ✓ Dá sáródh an dalta an gheallúint bhreise sin trí tuilleadh bulaíochta bhreathnófaí air mar rud an-tromchúiseach agus d'fhéadfadh údaráis na scoile smachtbhannaí a chur i bhfeidhm.

Smachtbhannaí:

- ✓ Beidh tacaíochtaí agus smachtbhannaí (Leibhéal 2) ón gCód Iompair scoile i bhfeidhm, ag brath ar dhéine an iompar bulaíochta.
- ✓ Beidh na smachtbhannaí comhréireach leis an iompar. Má tharlaíonn an bhulaíocht arís, cuirfear smachtbhannaí níos déine i bhfeidhm.
- ✓ Ní mór a chur in iúl go soiléir do gach páirtí bainteach gur ábhar príobháideach é seo idir an scoil, an páiste agus a thuismitheoirí agus ní phléitear go poiblí é.

Iarphlé i gcás gur tharla iompraíocht bhulaíochta:

Agus cinneadh á dhéanamh ar déileáladh go cuí agus go leordhóthanach leis an gcás bulaíochta, ní mór don mhúinteoir ábhartha, agus breithiúnas gairmiúil á thabhairt aige/aici, na cúinsí seo a leanas a ghlacadh san áireamh:

- An bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta?
- An bhfuil ceisteanna idir na páirtithe réitithe, a oiread agus is féidir?
- An bhfuil caidreamh idir na páirtithe slánaithe, a oiread agus is féidir?

Nuair a bheidh an fiosrúchán curtha i gcrích agus/nó má réitíodh an scéal bulaíochta, déanfaidh an Múinteoir Ábhartha tuairisc iomlán a chomhlánú.
Áireofar sa tuairisc:

- torthaí an fhiosrúcháin,
- an straitéis a úsáideadh,
- toradh an idirghabhála
- agus aon eolas ábhartha eile.

Déantar taifead ar an tuairisc seo ar **Databiz** faoin gcluaisín Bí Cineálta, agus comhad "**Tuairisc ar Iompar Bulaíochta Líomhnaithe"** a uaslódáil.
Ba chóir go mbeadh tuairimí na scoláirí agus a dtuismitheoirí maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta san áireamh sa taifead.

**Leanúint ar aghaidh i ndiaidh cás bulaíochta**

- ✓ **Tacaíocht leanúnach**: Coinneoidh an scoil ag tacú leis an bpáiste a ndearnadh bulaíocht air nó uirthi réidh agus toilteanach chuige sin., le seiceálacha rialta chun a leas agus a shláinte intinne a chinntiú.
- ✓ **Cruinniú athbhreithnithe**: Laistigh de 20 lá scoile ón gcéad tuairisc, caithfidh an múinteoir cruinniú a bheith aige/aici leis na páistí a bhí páirteach agus lena dtuismitheoirí chun dul chun cinn a phlé.

**Na pointí a mbeidh plé:**

- o cén saghas iompair a tharla,
- o cé chomh maith is a d'oibrigh na bearta a cuireadh i bhfeidhm,
- o agus an caidreamh atá ann anois idir na páistí a bhí i gceist.

- ✓ **Cruinnithe ina dhiaidh sin**: Is féidir cruinnithe leanúnacha a dhéanamh ar leithligh ar dtús. D'fhéadfadh cruinniú comhpháirteach a eagrú níos déanaí, má bhíonn an dalta a ndearnadh bulaíocht air nó uirthi réidh agus toilteanach chuige sin.

**Tabhair do d'aire:**

- ✓ Má bhíonn tuismitheoir míshásta leis an gcaoi a ndearna an scoil cás bulaíochta a láimhseáil de réir na nósanna imeachta seo, caithfear an tuismitheoir a threorú chuig nós imeachta gearán na scoile.
- ✓ I gcás nach bhfuil tuismitheoir sásta fós tar éis do nósanna imeachta gearán na scoile a bheith bainte amach aige/aici, caithfidh an scoil comhairle a thabhairt don tuismitheoir maidir lena gceart gearán a dhéanamh chuig Ombudsman na Leanaí.
- ✓ Má dhéanann páiste tuairisc ar bhulaíocht, ach iarrann sé/sí nach ndéanfaí aon rud faoi, tacaíonn an múinteoir ábhartha leis an bpáiste ar bhealach cuí chun féachaint cén chaoi a láimhseálfar an scéal go híogair agus cén chaoi a bhféadfar tuismitheoirí a chur ar an eolas. Má dhéanann tuismitheoir amhlaidh, ní mór dóibh é sin a chur i scríbhinn, ach fiú amháin sa chás sin, féadfaidh an scoil a mheas go bhfuil gá an scéal a fhiosrú agus a láimhseáil mar is cuí.
- ✓ Más ábhar imní í an iompraíocht bhulaíochta maidir le cosaint leanaí déileálfar leis an gceist gan mhoill de réir Gnásanna um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna.

Bainfidh an scoil úsáid as na cuir chuige seo a leanas chun tacú leo siúd a ndéanfar bulaíocht orthu, iad siúd a bheidh mar fhinné agus iad siúd a léireoidh iompraíocht bhulaíochta (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta);Féach freisin ar Aguisín 5: Rólanna agus Freagrachtaí.

## Clár Tacaíochta na Scoile

### Do Dhaltaí a ndearnadh Bulaíocht Orthu: Tacaíocht

Tá cur chuige uile-scoile ag croílár chlár tacaíochta na scoile do dhaltaí atá buailte ag bulaíocht. Aithnímid go mbíonn iompar bulaíochta casta agus ilghnéitheach, agus mar sin, níl aon idirghabháil ná clár tacaíochta amháin a oibríonn i ngach cás. Cuireann an scoil tacaíocht ar fáil do na daltaí seo trí:

- Éisteacht go cúramach le gearáin an pháiste agus a mheabhrú dóibh nach bhfuil siad ina n-aonar. A chinntiú go gcuirtear é/í ar a s(h)uaimhneas.
- Spreagadh chun labhairt le múinteoir nó duine fásta iontaofa.
- Idirghabháil láithreach chun an bhulaíocht a stopadh agus a chinntiú go bhfuil an páiste sábháilte.

- Ag éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á dhéanamh air/uirthi maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.
- A shoiléiriú nach bhfuil an locht ar an dalta atá á bhulaíocht, trí athdhearbhú, trí fheasacht leanúnach a mhúscailt, agus trí idirghabháil thapa. I gcás ina réitítear cásanna, féadfaidh daltaí a ndearnadh bulaíocht orthu ráiteas tionchair íospartaigh a chomhlánú.
- Tacú le hathchóiriú féinmhuiníne trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí ranga, sóisialta agus seach-churaclaim a spreagadh.
- Eolas ar Thacaíochtaí Fadtéarmacha: Cé nach bhfuil acmhainní ag an scoil chun comhairliúchán ná teiripe súgartha a chur ar fáil, roinnfear eolas le tuismitheoirí faoi sheirbhísí agus gníomhaireachtaí seachtracha áit ar féidir na tacaíochtaí seo a fháil go príobháideach más gá.
- Córas cairdis a chur i bhfeidhm sa scoil

Do Na Páistí a bheidh Mar Fhinnéithe : Freagracht agus Spreagadh

- Oideachas a chur ar dhaltaí maidir leis an dtábhacht a bhaineann le diúltú le tacú le hiompar bulaíochta agus tuairisciú a dhéanamh ar a bhfuil feicthe acu.
- Spreagadh chun a bheith ina gcomhghuaillithe trí thacaíocht a leiriú dóibh siúd atá thíos leis an mbulaíocht.
- Ról-imirt a úsáid chun tuiscint agus misneach a chothú.
- Cur chuige neamhphionósach a ghlacadh chun a chinntiú nach mbíonn eagla ar fhinnéithe teacht chun tosaigh.
- Féinmheas agus muinín a neartú trí straitéisí scoile uile/ ceachtanna ón gcuraclaim.
- Príobháideacht a chinntiú do gach dalta atá páirteach.
- Gach comhrá a láimhseáil go híogair agus aois agus riachtanais na ndaltaí á gcur san áireamh.

Do Na Paisti a Léireoidh Iompraíocht Bhulaíochta : Foghlaim agus Athru Iompraiochta

- Atmaisféar athchóiritheach agus foghlama a chothú seachas díriú go hiomlán ar phionós, agus béim á leagan ar fhreagracht phearsanta agus ar dheiseanna feabhsúcháin.
- Comhrá neamhbhagrach agus tuisceanach a bheith acu le múinteoir chun cúiseanna na hiompraíochta a fhiosrú.
- Cur chuige athchóiritheach a úsáid chun freagracht a mhúineadh agus caidreamh dearfach a athchothú.
- Obair le tuismitheoirí agus leis an bpobal scoile chun patrúin iompraíochta a fheabhsú.
- Soláthar tacaíochta fadtéarmaí trí chomhairliúchán nó clár frithbhulaíochta
- Cuirtear cláir tacaíochta ar fáil freisin do dhaltaí atá páirteach in iompar bulaíochta, le fócas ar:
    - Scileanna mothúchánacha a fhorbairt,
    - Tuiscint a thabhairt ar thionchar a n-iompair ar dhaoine eile,
    - Freagracht phearsanta a chothú
- A dhéanamh soiléir nach gcuirtear an milleán go buan ar dhaltaí a léirigh iompar bulaíochta má dhéanann siad iarracht cheart chun a gcuid iompar a athrú; tugtar deis dóibh tús úr a fháil,
- Aitheantas dearfach a thabhairt do dhaltaí a chuireann deireadh lena n-iompar bulaíochta, agus béim a leagan ar an gcinneadh cróga agus ceart atá déanta acu,
- Rannpháirtíocht a spreagadh i ngníomhaíochtaí a chothaíonn cairdeas agus scileanna sóisialta (e.g. obair ghrúpa sa seomra ranga, gníomhaíochtaí foirne, agus tionscadail seach-churaclaim) chun cabhrú le féinmheas a atógáil.

## Róil agus Freagrachtaí

### Ról na Foirne

• Tá dualgas ar gach ball foirne an bhulaíocht a thógáil dáiríre, bíodh siad ina bhfoireann teagaisc nó ina foireann neamh-mhúinteoireachta.
• Ba chóir do mhúinteoirí, do Chúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna), agus do bhaill foirne eile fanacht airdeallach ar chomharthaí bulaíochta, amhail athruithe iompraíochta, leisce freastal ar scoil, nó tarraingt siar ó phiaraí.
• Táthar ag súil go bhfreagróidh gach ball foirne d'imní a ardaíonn daltaí, tuismitheoirí, nó comhghleacaithe, agus go dtuairisceoidh siad teagmhais amhrasta bulaíochta don Mhúinteoir Ábhartha.
• Glacann múinteoirí cur chuige socair, neamhchlaonta, agus réiteach fadhbanna i ngach imscrúdú.
• Oibríonn múinteoirí agus baill foirne le chéile chun luachanna na scoile maidir le cineáltas, meas, agus cuimsiú a chur chun cinn, ag cinntiú go léirítear iad seo in idirghníomhaíochtaí laethúla.

### Ról na nDaltaí

• Spreagtar daltaí chun cur le cultúr dearfach scoile, áit nach nglactar leis an mbulaíocht.
• Ba chóir do dhaltaí labhairt le duine fásta iontaofa má bhíonn siad ag fulaingt ó bhulaíocht nó má fheiceann siad í.
• Cuirtear i gcuimhne do dhaltaí gur iompar freagrach é bulaíocht a thuairisciú agus ní "scéalta a insint".
• Spreagtar daltaí chun tacú le comhscoláirí trí chineáltas a thaispeáint, seasamh an fód i gcoinne na bulaíochta, agus daoine eile a áireamh i gcluichí agus i ngníomhaíochtaí.
• Féadfaidh daltaí níos sine gníomhú mar chairde clós súgartha chun cabhrú le páistí níos óige, súgradh dearfach a spreagadh, agus gníomhaíochtaí cuimsitheacha a chur chun cinn.

### Ról na dTuismitheoirí agus na gCaomhnóirí

- Is comhpháirtithe ríthábhachtacha iad tuismitheoirí i gcur chun cinn cultúr frith-bhulaíochta sa scoil.
- Ba chóir do thuismitheoirí cumarsáid oscailte a spreagadh lena leanbh, éisteacht le hábhair imní agus tábhacht an mheasa agus na cineáltais a threisiú.
- Moltar do thuismitheoirí bulaíocht a shíltear atá ar siúl a chur in iúl don scoil gan mhoill, agus a bpáiste a chur ar a shuaimhneas go ndéanfar an cheist a láimhseáil go dáiríre.
- Tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí tacú leis an scoil chun cásanna bulaíochta a réiteach, agus cabhrú lena bpáiste cloí leis na gealltanais a shíníonn sé/sí.
- Trí comhoibriú leis an scoil, cabhraítear stop a chur le hiompar bulaíochta go sciopaidh agus cruthaítear timpeallacht shábháilte agus chineálta do gach pháiste.

### Ról an Bhoird Bainistíochta

- Tá an Bord Bainistíochta freagrach as a chinntiú go gcuirtear Polasaí Frith-Bhulaíochta (Bí Cineálta) na scoile i bhfeidhm go héifeachtach.
- Tacaíonn an Bord leis an bhfoireann trí acmhainní agus forbairt ghairmiúil a sholáthar nuair is gá.
- Cinntíonn an Bord go gcoimeádtar agus go ndéantar athbhreithniú cuí ar thaifid eachtraí bulaíochta.
- Pléann an Bord le gearáin ó thuismitheoirí má bhíonn siad míshásta leis an gcaoi ar bainistíodh cás, i gcomhréir le nósanna imeachta gearán na scoile.
- Cuireann an Bord cultúr uile-scoile chun cinn maidir le cuimsiú, comhionannas agus meas ar éagsúlacht.

💡 Beidh sé de dhualgas ar phobal iomlán na scoile an Polasaí seo a léamh.

## Maoirseacht:

- Cuirfidh an príomhoide uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta i láthair ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta. San áireamh san uasdátú seo beidh líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach, líon na n-eachtraí leanúnacha agus líon iomlán na n-eachtraí ó

thús na scoilbhliana.

- Sa chás gur tharla eachtraí iompraíochta bulaíochta, cuirfidh an príomhoide uasdátú ó bhéal ar fáil freisin lena n-áirítear nuair is ábhartha, eolas a bhaineann le treochtaí agus patrúin a aithníodh, straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Níl eolas pearsanta ná aitheantais san uasdátú seo. Féach Caibidil 7 de ghnásanna Bí Cineálta.
- Tá an polasaí seo ar fáil do phobal na scoile ar shuíomh idirlín na scoile agus ina chóip chrua ach é a iarraidh. Tá leagan den pholasaí seo atá in oiriúint do scoláirí ar taispeáint sa scoil agus tá sé ar fáil freisin ar ár suíomh gréasáin agus ina chóip chrua ach é a iarraidh.
- Déanfar an polasaí seo agus a chur i bhfeidhm a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe agus is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an polasaí seo.

Brian Ó Maoilchiaráin

Sínithe: (Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta) Dáta: 18ú Meitheamh 2025

Maeve Ní Fhlaithearta

Sínithe: (Príomhoide) Dáta: